# An Deontas Leabhar Scoile in Aisce

(*Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2024*)

## 1. Réamhrá

In 2023 chuir an Roinn Oideachais an Deontas Leabhar Scoile in Aisce ar fáil do bhunscoileanna. In 2024, leathnaigh an Roinn téarmaí an Deontais Leabhar Scoile in Aisce a leathnú chun daltaí na sraithe sóisearaí in iar-bhunscoileanna a chur san áireamh. Leanann an Roinn ar aghaidh ag cur ar fáil an Deontais Leabhar faoi théarmaí chiorclán 13/2014 do dhaltaí in iar-bhunscoileanna – féach Cur Chuige Cuntasaíochta 19.

Cuireann an deontas ar chumas scoileanna leabhair scoile in aisce a chur ar fáil do dhaltaí, lena n-áirítear leabhair scoile, leabhair oibre agus cóipleabhair agus i gcás ina gceadaíonn an maoiniú dó sin, roinnt acmhainní gaolmhara sa seomra ranga freisin. Seo a leanas na rátaí in aghaidh an duine:

- €80 Bunscoileanna (arna íoc i mBealtaine 2024)
- €309 Iar-Bhunscoileanna (arna íoc i Márta 2024)

bunaithe ar líon faofa na ndaltaí ar an rolla i Meán Fómhair 2023.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Íoctar an deontas roimh an gcéad bhliain acadúil eile. Ba cheart an t-ioncam agus aon chaiteachas gaolmhar a thabhaítear suas go dtí an 31/08/XX a chur siar go dtí an chéad bhliain acadúil eile mar a thaispeántar sna samplaí thíos.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaiteachas an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

### Bliain 1: Deontas faighte roimh an gcéad bhliain acadúil eile

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Leabhar Scoile in Aisce Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar Leabhair nach n-úsáidfear é go dtí an scoilbhliain seo chugainn | DR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |

**Bliain 2: An Chéad Scoilbhliain Eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón Deontas Leabhar a Fuarthas roimh ré chuig Deontas Leabhar gan Chaitheamh | DR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aisiompú Réamhíocaíochta | DR | 4731 | Costas i leith an Deontais Leabhar Scoile in Aisce<br>Costas |
| | CR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Leabhar cúnta chun ioncam deontais an Deontais Leabhar in Aisce a aithint ar aon dul leis an gcaiteachas taifeadta | DR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3151 | Ioncam ón Deontas Leabhar Scoile in Aisce<br>Ioncam |

**I rith na scoilbhliana, caithfear le haon chostas breise a bhaineann leis an Deontas Leabhar Scoile in Aisce a thabhaítear sa bhliain sin ar an mbealach seo a leanas:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ceannach leabhar scoile le linn na scoilbhliana | DR | 4731 | Costas i leith an Deontais Leabhar Scoile in Aisce Costas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ceannach leabhar scoile le linn na scoilbhliana a mheaitseáil le hioncam | DR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3151 | Ioncam ón Deontas Leabhar Scoile in Aisce Ioncam |